



Oifig An Chigire Príosún

Office of the Inspector of Prisons

Oifig an
Chigire Príosún
(OCP)

Achoimre ar thuarascálacha cigireachta

Coinníollacha príosúin le linn na paindéime COVID-19

Eanáir 2022

Cuireann an leabhrán seo síos ar gach cigireacht phríosúin arna dhéanamh ag Oifig an Chigire Príosúin (OCP) sa bhliain 2021. Tá faisnéis istigh ann maidir leis na hábhair seo a leanas:



Cad is rud é OCP agus cad iad na rudaí a dhéanann muid?



Ár dtorthaí cigireachta



Ár moltaí agus freagairt ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann



Ár gcéad céimeanna eile i ndiaidh seo



Cad é an rud í Oifig an Chigire Príosún?

Is cigirí muid a dhéanann cigireacht agus imscrúdú ar phríosúin. Is foras neamhspleách le haghaidh maoirseacht príosún muid. Ciallaíonn seo go dtugaimid cuairteanna ar phríosúin agus déanaimid imscrúdú orthu a fhad is go bhfuil siad ag cloí le dlí na hÉireann agus caighdeáin idirnáisiúnta cearta an duine. Roinnimid cinntí agus torthaí na gcigireachtaí agus imscrúduithe príosún le daoine sna príosúin, an tAire Dlí agus Cirt, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus leis an phobal.

Oibrímid ar leith as féin ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus ó rannta agus gníomhaíochtaí rialtas eile. Cé go ndéanaimid imscrúdú ar cheisteanna maidir le príosúnaigh agus príosúin araon, níl baint dhíreach againn roimh ghearáin aonaracha. Ní fhiosraímid gearáin príosúnach aonaracha, ach caithfear Seirbhís Phríosúin na hÉireann gach píosa eolas a bhaineann le gearáin thromchúiseacha (gearáin ó chatagóir, A dá leithead drochíde agus leithcheal) a thabhairt ar aghaidh chugainn. Féadfar aon fhaisnéis ó ghearáin a bheith in úsáid chun cigireachtaí a leagadh amach sa todhchaí.

Is ionann ár bhfoireann agus saineolaithe i gcearta duine, cúram sláinte, cigireachtaí chomh maith le saineolaithe i dtaighde, polasaí agus athchóiriú na bpríosún. Faoi láthair, tá an Príomhchigire i gceannas ar Oifig an Chigire Príosún agus oibríonn siad in éineacht le cigirí sinsearacha, cigirí eile, anailísí sonraí agus baill fhoirne riarachán.


Na rudaí a dhéanaimid

- Cigireacht a dhéanamh ar phríosúin na hÉireann
- Básanna príosúnach a imscrúdú
- Comhfhreagras a dhéanamh le litreacha rúnda ó phríosúnaigh
- Gearáin thromchúiseacha a mhaoirsiú (Tugtar gearáin chatagóir A orthu - feic ar Rialacha na bPríosún, Riail 57B)

Ár dtorthaí cigireachta

Tá sé mar phríomhaidhm againn imscrúduithe a dhéanamh ar dháréag príosún na hÉireann agus cinnte a dhéanamh go mbíonn meas tugtha do na príosúnaigh agus go mbíonn a gcearta daonna faoi chosaint istigh iontu.

In 2021, d'éirigh linn cigireachtaí na gcoinníollacha príosún a dhéanamh i bpríosúin na hÉireann ar fad le linn na paindéime COVID-19. Toisc go raibh paindéim i bhfeidhm, bhí orainn cúrsaí a chur in iúl do na príosúin faoi na cigireachtaí 24 uair roimh ré. Le linn na gcigireachtaí, labhair muid le cuid mhór príosúnaigh agus baill fhoirne príosún. Rinne muid athbhreithniú ar thaifid príosún agus bhreathnaigh muid coinníollacha sna príosúin chomh maith. Bhí sprioc againn léargas a fháil ó thaobh cearta daonna de agus an dóigh a mbíonn siad faoi chosaint thar chúig réimse éagsúla, mar a léirítear sa léaráid thíos.



Ón dáréag cigireacht a bhí idir lámha againn, bhreathnaigh muid ar rudaí dá leithéid:

- amanna ‘caite sna cillíní’,
- rochtain roimh sheirbhísí síceolaíochta,
- rochtain roimh oideachas,
- rochtain roimh chomhairleoireacht andúile
- caighdeáin na mbéilí, agus
- am a chaitheamh i gcoraintín nó ar leithlis.

Bunaithe ar an dáréag cigireacht príosún, seo iad na ceisteanna móra a tháinig chun cinn i gcóras na bpríosún in Éirinn.

Ceisteanna móra a tháinig chun cinn ó na cigireachtaí príosún in 2021

Coraintín	Bhí idir bheagáinín ama agus am ar bith amuigh ón chillín ag príosúnaigh ar leith, is é sin le rá go raibh siad á gcoinneáil faoi ghaibhniú aonair. I roinnt cásanna, ní raibh céad ag príosúnaigh i gcoraintín cithfholcadáin a ghlacadh.
Eolas	Ní raibh eolas ar bith tugtha do na príosúnaigh faoi cad a bheas i gceist le coraintín.
Teagmháil Teaghlaigh	Bhí idir beagáinín teagmháil theaghlaigh agus teagmháil theaghlaigh ar bith ag na príosúnaigh, agus bhí roinnt fadhbanna acu ó thaobh físghlao a dhéanamh de. Ní fhaca cuid de na príosúnaigh a dteaghlaigh ar feadh tréimhse bhliana nó níos mó.
Post	Cuireadh moill ar an phost agus litreacha thar chuid mhór de na príosúin.
Athshlánú	Bhí idir bheagáinín athshlánú agus athshlánú ar bith ag na príosúnaigh ó thaobh gníomhaíochtaí de le linn na paidéime.
Amanna Béilí	I ndeich bpríosún, níor riaradh béilí ar amanna rialta ar bith. De thoradh ar seo, dúirt cuid mhór príosúnach go raibh ocras orthu go rialta.
Éisteacht chúirte cianda	Mhothaigh roinnt príosúnaigh nach dtugadh cothrom na féinne dóibh a chuid nó a cuid a rá le linn gach éisteacht chúirte a thit amach ar líne.
Oideachas	Bhí rochtain teoranta ag na príosúnaigh roimh cúrsaí oideachais le linn na paidéime.

Tháinig roinnt rudaí **dearfacha** chun cinn ó na príosúin, áfach. Ina measc siúd, bhí:

- Líon na bpríosúnach thíos de mhéid 9% nó a leithéid idir mhí an Márta 2020 agus mí na Nollag 2021.
- Príosúnaigh agus baill fhoirne in ann comhoibriú le chéile chun scaipeadh COVID-19 a chosaint.
- Príosúnaigh atá ag obair go deonach do Red Cross in ann eolas COVID-19 a roinnt.
- Físghlaonna ag tarlú do phríosúnaigh nuair nach raibh cead tugtha roimh chuariteanna aghaidh ar aghaidh.
- Seirbhísí faoi údarás in ann físghlao a dhéanamh, nuair is féidir, le bheith ag labhairt le príosúnaigh.
- Cainéal teilifíse sna cillín a chruthú chun eolas agus cláir oideachais a roinnt.

Ár moltaí agus freagairt ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Tar éis gach cigireacht a dhéanamh, d'ullmhaigh muid tuairisc chigireachta don Aire Dlí agus Cirt. Bhí moltaí do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann taobh istigh de na tuairiscí seo. Dearadh na moltaí le chéile chun cuidiú a thabhairt don tSeirbhís Phríosúin maidir le cleachtais bunaithe ar chosaint chearta daonna na bpríosúnach a chur i bhfeidhm. Thug an tSeirbhís Phríosúin freagairt ar gach moladh a chur muid chun cinn. Chuir muid 242 moladh chun cinn san iomlán thar an dáréag príosún ar fad. Sheas cuid is mó dár moltaí le níos mó ná príosún amháin.

Is féidir teacht ar chuid de na moltaí is coitianta agus na freagairtí a thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar an chéad leathanach eile.

Moltaí Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (SPÉ)

Moladh OCP	Freagairt SPÉ
<p>Coraintín / Leithlisiú</p> <p>Ba chóir go mbíonn uair amháin gach lá taobh amuigh ag na príosúnaigh, agus ar a laghad dhá chithfholcadán acu i rith na seachtaine.</p>	<p>Níor ghlac SPÉ leis an mholadh seo go gcaithfear príosúnaigh i gcoraintín nó ar leithlis uair amháin a bheith acu taobh amuigh den chillín. Le sin ráite, ó mhí Iúil 2021, ghlac SPÉ leis an mholadh gur chóir do phríosúnaigh i gcoraintín dhá chithfholcadán i rith na seachtaine a bheith acu.</p>
<p>Eolas</p> <p>Bá chóir go bhfaigheann príosúnaigh eolas i dteanga agus i bhfoirm intuigthe dóibh faoi cad a bheas i gceist le seal a chaitheamh i gcoraintín.</p>	<p>Ghlac SPÉ leis an mholadh seo. Chruthaigh SPÉ leabhrán eolais COVID-19. Bhí an leabhrán ar fáil i dteangacha difriúla.</p>
<p>Teagmháil Teaghlaigh</p> <p>Bá chóir do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann comhairle a dhéanamh le húdaráis Sláinte Phoiblí maidir le cuairteanna 30 nóiméad a atosú go sábháilteacht, agus an srian i dtaca le cuairteoir ‘aon pháiste’ a bhaint.</p>	<p>Ghlac SPÉ go pointe áirithe leis an mholadh seo agus dúirt siad i mí na Nollag 2021 go raibh cead ag na príosúnaigh cuairt aghaidh ar aghaidh amháin a bheith acu gach coicís. Tugadh cead roimh thrí chuairoteoir a bheith i láthair, agus ceann amháin acu ina pháiste nó ina páiste (faoi 18 bliain d’aois).</p> <p>Bhí príosúnaigh fós in ann físchuairt ar líne a fháil uair amháin gach coicís.</p> <p>Dúirt SPÉ go ndéanfar athbhreithniú ar na srianta ar fad agus go mbainfear iad nuair a bheas sé sábháilteacht a leithéid a dhéanamh.</p>
<p>Post</p> <p>Bá chóir don phost agus litreacha a sheachadadh do phríosúnaigh go pras.</p>	<p>Ghlac SPÉ leis an mholadh seo agus dúirt siad go ndéanfaidh siad iniúchadh ar an cheist. Dúirt SPÉ go bhfuil córas comhfhreagrais ríomhphost a thriail acu do theaghlaigh na bpríosúnach.</p>

Moladh OCP	Freagairt SPÉ
<p>Amanna Béilí</p> <p>Bá chóir go mbíonn amanna béilí rialta ag na príosúnaigh: bricfeasta (sa mhaidin), lón (thart faoi mheán lae) agus dinnéar (sa tráthnóna).</p>	<p>Ghlac SPÉ leis an mholadh seo. Dúirt SPÉ go bpléifidh siad an fhéidearthacht maidir le hathruithe amanna béilí le Cumann na nOifigeach Príosún, atá mar fhoras ionadaíochta na mball foirne.</p>
<p>Éisteacht chúirte cianda</p> <p>Bá chóir do na príosúin maoirseacht a dhéanamh ar thionchar na n-éisteachtaí chúirte cianda agus ar thionchar chearta an duine roimh thriail chothrom.</p>	<p>Ghlac SPÉ go pointe áirithe leis an mholadh seo. Dúirt SPÉ go bpléifidh siad an cheist seo leis an tSeirbhís Chúirteanna.</p>
<p>Oideachas</p> <p>Bá chóir go mbíonn rochtain ag príosúnaigh ar tháibléid dhigiteacha le haghaidh cúrsaí oideachais.</p>	<p>Tá SPÉ ag athbhreithniú an moladh seo faoi láthair. Chuir Boird Oideachais agus Oiliúna ábhair foghlama sa chillín le chéile. Dúirt SPÉ go bhfuil siad ag forbairt straitéis fhoghlama sa chillín do phríosúnaigh.</p>
<p>Daonra na bPríosún</p> <p>Bá chóir go n-oibreoidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann le gníomhaireachtaí dlí coiriúla eile chun daonra na bpríosún a ísliú a fhad is gur féidir leo scaradh sóisialta a chur i bhfeidhm.</p>	<p>Ghlac SPÉ leis an mholadh seo. Dúirt SPÉ go leanfaidh siad ar aghaidh ag plé leis an Roinn Dlí agus Cirt chun daonra na bpríosún a bhainistiú agus iad ag cinntiú (a) go mbainfear leas as príosúin mar sa chás nach bhfuil aon rogha eile ann, agus (b) go nglacfar bearta chun athchiontóirí a laghdú.</p>

In 2021, sheol muid ár dtuairiscí cigireachtaí ar choinníollacha príosún sa bhliain 2021 ar aghaidh chuig an Aire Dlí agus Cirt. D'fhoilsigh an tAire Dlí agus Cirt ár dtuairiscí ar shuíomh idirlíon de chuid OCP (www.oip.ie). Mhol muid le Seirbhís Phríosúin na hÉireann gur cheart do na hábhair agus tuairiscí OCP ar fad a bheith ar fáil do gach príosúnach. Mar fhreagairt, dúirt Seirbhís Phríosúin na hÉireann go gcruthóidh siad dóigheanna chun tuairiscí a chur ar fáil do phríosúnaigh.

Ár gcéad céimeanna eile i ndiaidh seo

- In 2022, rianóimid cibé dul chun cinn a thiocfar amach ó na moltaí sna tuairiscí agus beidh uasdátú dul chun cinn againn le tabhairt.
- In 2022, agus sna blianta atá amach romhainn, leanfaidh muid ar aghaidh le cigireacht a dhéanamh ar dháréag príosún na hÉireann. Tar éis ár gcigireachtaí, roinnfimid eolas libh a fhad is go mbeidh sibh ar an eolas faoi uasdátú ar bith.

Gabhaimid ár mbuíochas libh as a bheith ag caint linn agus as a bheith sásta eolas a roinnt linn agus muid sna príosúin. Tá muid ag dúil go mór le bheith ag caint libh arís agus muid ag déanamh cigireacht ar na príosúin.

An dóigh chun teagmháil a dhéanamh le hOifig an Chigire Príosún

Faoi Riail 44 de Rialacha Príosún na hÉireann, tá an ceart agat chun litir a scríobh chugainn (Cigire na bPríosún) faoi aon cheist ná ábhar a ba mhaith leat, go huile agus go hiomlán faoi rún. Ciallaíonn seo, de réir an dlí, go gcaithfidh Seirbhís Phríosúin na hÉireann:

- gan do litreacha a sheolfar tú chugainn a léamh, agus
- do litreacha nár osclaíodh a sheoladh chugainn gan mhoill.

Seo é an seoladh atá ag Oifig an Chigire Príosún:

Oifig an Chigire Príosún

24 Siúlán Shisil

Sráid Mhic Coinín

An tAonach

Co. Thiobraid Árann

E45 NN73

Scríobhfaidh muid ar ais chugat ag úsáid clúdach faoi shéala. Ar an chlúdach, scríobhfaidh muid ‘Riail 44’ air, agus iarrfaidh muid ar an Ghobharnóir cinnte a dhéanamh go mbeidh an clúdach i do lámha gan a bheith oscailte. De réir an dlí, tá cead ag an Ghobharnóir litir Riail 44 a oscailt. Le sin ráite, áfach, caithfidh tusa a bheith i láthair nuair a dhéanann siad seo. Níor chóir go n-osclófar litir ar bith seachas i gcás chun seic a dhéanamh gur ó Oifig an Chigire Príosún a tháinig sé.

Chun níos mó eolas a fháil, is féidir cuairt a thabhairt ar shuíomh s’againn:

www.oip.ie



Oifig an Chigire Príosún
Office of the Inspector of Prisons